Innealtóireacht na mBithchóras

www.steps.ie

STePS to engineering

Cad is Innealtóireacht na mbithchóras, Talmhaíochta agus Bia ann?

Leis an gcaoi ina mbíonn daonra an dhomhain ag fás go tapaigh de thoradh méadaithe in éileamh do bhia agus mhaoiní nua fuinnimh, bíonn éileamh mór ann d'innealtóirí na mbithchóras, talmhaíochta agus bia. Tá slí bheatha cúiteach agus dúshlánach ag foireann innealtóireachta na mbithchóras, talmhaíochta agus bia ina sheachadann siad deochanna, earraí bia agus bith-ábhair chun na héilimh seo a chomhlíonadh laistigh teorannacha achrannacha maidir le hacmhainní agus an comhshaol. Tá an fhoireann dírithe ar gach gné den shlabhra bia ó chosaint comhshaoil go táirgeadh bia go seachadadh, ag cur i ngníomh teicneolaíocht chun gnáth earraí bia cosúil le pasta, pizza agus uachtar reoite a dhéanamh de bhunábhair.

Cad a dhéanann Innealtóirí na mBithchóras, Talmhaíochta agus Bia?
Oibríonn céimithe innealtóireachta na mbithchóras, talmhaíochta agus bia ar thús cadhnaíochta dul chun chinn na teicneolaíochta, ag forbairt agus ag pleanáil modhanna agus innealra chun fadhbanna atá os comhair ár gcóras éiceolaíochta a réiteach. Cuireann siad prionsabail na hinnealtóireachta agus bhitheolaíochta le chéile chun córais a cruthú agus a phleanáil a sheachadfaidh bia tíosach, sábháilte agus de chaighdeán ard do chustaiméirí. Réimníonn réise a saothar ó fhorbairt úsáidí freagrach,

neamhdhíobhálacha do fhotháirgí táirgeadh bia agus do chosaint cáilíochta uisce, aeir agus talaimh go pleanáil modhanna agus trealamh feabhsaithe chun táirgí bia a shaothrú, a láimhseáil, a phaiceáil agus a stóráladh. Tá céimí innealtóireachta na gcóras beatha, talmhaíochta & bia in ann sonrú in ilghnéitheacht leathain réimsí mar iad seo a leanas:

- **Córais talmhaíochta & Táirgeadh Bia:** ag forbairt innealra nua feirmeoireachta agus tionsclaíocha do tháirgeadh agus baint de bhunábhair do dheochanna agus bhia, chórais suímh domhanda agus theicneolaíocht mionchruinne.
- **Próiseáil Bia:** ag forbairt córais agus trealamh éifeachtach chun earraí bia a shaothrú, láimhseáil agus phaiceáil chun bheith cinnte go coimeádann siad a gcaighdeán de bhlais agus de sláintíocht agus de shábháilteacht giniúna.
- **Bith-ábhair:** ag forbairt táirgthe bith-ábhair do na tionscail bithfhuinnimh agus déantúsaíochta cosúil le barraí breosla (m.sh. ola an síl ráibe) nó throscán adhmaid.
- **Innealtóireacht Timpeallachta:** ag forbairt maoiní fuinnimh inathnuaite, ag pleanáil córas don fhorbairt coinneála agus chosaint timpeallachta agus chaomhnú cosúil le smacht truaillithe agus córais athúsáide san áireamh.
- **Taighde agus tástáil:** ag forbairt agus ag trialladh modhanna giniúna bia, ag trialladh táirgí agus córas chun bheith cinnte go bhfaighfí cur i gcrích riachtanais de chaighdeán ard.

STEPS to engineering

Deiseanna Gairme bheatha

Aerloingseoireachta
Innealtóireacht Bithleighis
BITHCHÓRAIS, TALMHAÍOCHT & BIA
Córais Talmhaíochta & Táirgeadh Bia
Bith-Ábhair
Comhshaol Innealtóireacht
Próiseáil Bia
Taighde & Trialladh
Seirbhísí Foirgníocha
Innealtóireacht Cheimiceach
Innealtóireacht Shibhialta
Innealtóireacht Ríomhaire & Bogearraí
Innealtóireacht Leictreach
Innealtóireacht Leictreonach
Tionsclaíoch & Déantúsaíocht
Innealtóireacht Mheicniúil

www.steps.ie

Da bhlianta atá romhainn, éileoidh ár sochaí domhanda réitigh athraithe, atá freagrach don thimpeallacht agus glactha sóisialta, chun déileáil le héilimh táirgthe bia atá ag méadú. Tá gá le céimithe innealtóireachta na mbithchóras, talmhaíochta agus bia, anois níos mó ná riamh, chun na réitigh seo a chruthú agus a fhorbairt. Tairgeann innealtóireacht na mbithchóras, bia agus talmhaíochta deiseanna iontacha don fhostaíocht agus slí bheatha dúshlánach agus cúiteach.

Mar chéimí innealtóireachta na mbithchóras, talmhaíochta agus bia tá tú in ann obair do:

- Thionscail bia agus dí.
- Dhéantóirí trealaimh talmhaíochta.
- Eagraíochtaí cosanta timpeallachta.
- Chomhlachtaí rialtais.
- Chomhlachtaí innealtóireachta comhairligh.
- Eagraíochtaí forbartha an tríú domhain.

Mar chéimí innealtóireachta na mbithchóras is féidir leat:

- modhanna chun earraí bia a fhás a chruthú.
- dearadh a dhéanamh ar mhodhanna chun caighdeán uisce agus talaimh a fheabhsú.
- úsáid na gceimicí i dtáirgeadh bia a laghdú.
- tailte fliucha a chaomhnú le pleanáil córas uiscithe níos éifeachtaí, agus
- córais fuinnimh inathnuaite a fhorbairt ó fhoinsí bithmhaise.

An raibh a fhios agat?
Tá innealtóirí na mbithchóras, talmhaíochta agus bia ag forbairt córas darbh ainm hiodra-ponics san Aigéan Antartach. Is bealach é sin chun plandaí a fhás gan síol, chun na teorainn fáis cruthaithe ag timpeallacht naimhdeach mar sholas agus uisce easpach a shárú.

Tá naoi Ollscoil agus trí institiúid teicneolaíochta déag ar fud na tíre a chuireann raon leathan cláir innealtóireachta ar fáil.

Is iad seo a leanas cinn de na fostóirí céimithe innealtóireachta na mbithchóras, talmhaíochta agus bia:
Cantrell & Cochrane, Coca Cola, Dawn Meats, Glanbia, Guinness, Kerry Group, Údaráis Áitiúla, W&R Jacob chun cuid díobh a ainmniú.

Cuireann innealtóireacht mórán deiseanna spreagúla ar fáil do bhfiontraíocht ghníomhaíocht aonair agus solúbthacht poist le dul chun cinn tapúla go slite beatha cruthaitheacha, freagracha agus luachmhara ó thaobh airgid de.

Más maith leat níos mó eolas a fháil féach ar www.steps.ie.

ENGINEERS IRELAND

Discover Science + Engineering

Is clár Engineers Ireland é STEPS to engineering atá tacaithe ag Discover Science & Engineering, an Roinn Oideachais & Eolaíochta, FÁS agus tionscal.

2006©